# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/27 ÓN gCOIMISIÚN

**an 27 Meán Fómhair 2021**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigeartú a dhéanamh ar an tairseach fógartha ábhartha i leith glansuíomhanna gearra suntasacha i scaireanna**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 maidir le díol folamh agus gnéithe áirithe de bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 an oibleagáid fógra a thabhairt d'údaráis inniúla maidir le glansuíomhanna gearra suntasacha i ndáil le scairchaipiteal eisithe cuideachta is cuideachta a bhfuil scaireanna aici a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála san Aontas, i gcás ina sroicheann an suíomh an tairseach fógartha ábhartha nó ina dtiteann sé faoi bhun na tairsí sin. Is gá don Choimisiún faireachán a dhéanamh cé acu atá tairseach fógartha den sórt sin fós iomchuí i bhfianaise forbairtí i margaí airgeadais nó nach bhfuil, agus measúnú a dhéanamh cé acu is gá an tairseach sin a mhodhnú i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Rialachán sin nó nach gá.

(2) Go luath in 2020, d'eascair brú substaintiúil díola agus luaineacht neamhghnách as ráig dhomhanda COVID-19, arbh é a bhí mar thoradh orthu bíseanna móra praghsanna anuas a rinne difear d'eisitheoirí i ngach earnáil ar fud na margaí airgeadais. Bhain an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) úsáid as a chumhachtaí idirghabhála in imthosca eisceachtúla chun an tairseach ábhartha fógartha i leith glansuíomhanna gearra suntasacha i scaireanna a ísliú go sealadach, chun feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí faireacháin ESMA agus rialtóirí araon ar shuíomhanna den sórt sin, a chinneadh cé acu a d'fhéadfadh gníomhartha níos déine a bheith iomchuí nó nach bhféadfadh agus a bheith in ann freagairt go tapa.

(3) Maidir leis an tairseach fógartha ábhartha níos ísle i leith glansuíomhanna gearra suntasacha i scaireanna, ar tairseach í atá i bhfeidhm le 12 mhí as a chéile, de bhrí nach bhféadfaí síneadh a chur a thuilleadh leis an tairseach sin mar bheart éigeandála, mar gheall ar dhálaí margaidh a bhfuil feabhas páirteach tagtha orthu, is iomchuí measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag beart den sórt sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart beart buan a dhéanamh de tríd an tairseach sin a chur in ionad na tairsí atá ann cheana. Maidir leis sin, cuireann an Coimisiún san áireamh an tuairim ([2]) a d'eisigh ESMA an 13 Bealtaine 2021.

(4) Cuireadh béim leis na forbairtí a rinneadh le déanaí i margaí airgeadais a bhreathnaigh an Coimisiún, mar shampla an éagobhsaíocht a d'eascair as ráig dhomhanda COVID-19, a d'fhág gur minice a théann rialtóirí agus ESMA in iontaoibh bearta éigeandála ar dhíol folamh, chomh maith leis an riosca méadaitheach go mbeadh infheisteoirí miondíola páirteach i gcúngach gearr, ar an tábhacht a bhaineann le faisnéis bhreise a bhailiú ar ghlansuíomhanna gearra suntasacha i scaireanna ar bhonn buan, rud atá criticiúil chun críoch faireachais margaidh. Maidir leis sin, measúnaíodh i dtuairim ESMA gur chuir an tairseach fógartha ábhartha níos ísle feabhas mór ar an trédhearcacht agus ar an bhfaireachán ar ghlansuíomhanna gearra suntasacha i scaireanna ar leibhéal aonair, ar leibhéal earnála agus ar fud an mhargaidh, agus gur tháinig méadú ar an éifeachtúlacht rialála dá bharr sin. Mheas ESMA freisin gur cheart costais imeallacha chur chun feidhme ag rannpháirtithe sa mhargadh a bheith diomaibhseach, de bhrí go bhfuil tairseach den sórt sin á cur i bhfeidhm acu le roinnt míonna. Thairis sin, measann an Coimisiún gur cheart éiginnteacht i leith na hoibleagáide tuairiscithe rialála a sheachaint agus gur cheart rialacha agus oibleagáidí ina leith sin a bheith cobhsaí. Ar an mbonn sin, agus moltaí a leagtar amach i dtuairim ESMA á gcur san áireamh, ar moltaí iad a n-aontaíonn an Coimisiún leo, is iomchuí an tairseach fógartha ábhartha atá ann cheana a leasú agus é a shocrú go buan ag 0,1 %.

---

([1]) IO L 86, 24.3.2012, lch. 1.

([2]) ESMA70-156-4262.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 236/2012, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Is éard is tairseach fógartha ábhartha ann céatadán atá comhionann le 0,1 % de scairchaipiteal eisithe na cuideachta lena mbaineann agus gach 0,1 % os a chionn sin.”.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN